Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11131/23**

**ECOFIN 657**
**UEM 191**
**SOC 483**
**EMPL 334**
**COMPET 678**
**ENV 757**
**EDUC 270**
**RECH 302**
**ENER 393**
**JAI 903**
**GENDER 134**
**ANTIDISCRIM 128**
**JEUN 172**
**SAN 409**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9823/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 602 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Bulgáire um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na Bulgáire 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 602 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Bulgáire um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle**
**maidir le Clár um Chóineasú na Bulgáire 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

---

[2] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d’fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus gComhairle[3], ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh an Bhulgáir inti mar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di nó a d’fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí. Mar sin, ní bheadh gá le grinn-athbhreithniú. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun na haistrithe glasa agus digiteacha a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d’fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

---

3 Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha.
An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

---

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfaidh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún tograí reachtacha i láthair maidir le hathchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 15 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Bhulgáir a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 4 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an Bhulgáir tar éis na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(10) An 5 Bealtaine 2023, thíolaic an Bhulgáir a Clár Náisiúnta 2023 um Athchóiriú agus a Clár um Chóineasú 2023, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 ar thuairisciú débhliantúil na Bulgáire maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

6 ST 8091/2022 INIT; ST 8091/2022 ADD 1.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Bhulgáir. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Bulgáire ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Bulgáire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Bulgáire ó 3,9 % de OTI in 2021 go 2,8 % in 2022, agus thit an t-ollfhiachas rialtais ó 23,9 % de OTI ag deireadh 2021 go 22,9 % ag deireadh 2022. An 24 Bealtaine 2023, d’eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Pléadh staid bhuiséadach na Bulgáire sa tuarascáil sin, ós rud é go meastar go mbeidh a heasnamh ginearálta rialtais os cionn 3 % de OTI in 2023. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh critéar an easnaimh. I gcomhréir lena theachtaireacht an 8 Márta 2023, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023. Ina dhiaidh sin, shonraigh an Coimisiún go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don Bhulgáir é sin a chur san áireamh agus a buiséad 2023 á phlé agus á fhorghníomhú agus a buiséad do 2024 á ullmhú aici.

(13) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, i measc na mbeart beartais fhioscaigh a d'fhág gur lú ioncam a bhí ann, bhí rátaí laghdaithe cánach breisluacha le haghaidh téimh agus gáis agus dleacht mháil níos ísle ar leictreachas agus ar ghás nádúrtha agus leachtach, ach is éard a airíodh ar na bearta beartais fhioscaigh sin a d'fhág gur mó caiteachas a bhí ann fóirdheontais do thomhaltóirí neamhtheaghlaigh agus d'oibreoirí dáileacháin córas leictreachais i gcomhair tomhaltas leictreachais, do theaghlaigh le haghaidh tomhaltas gáis nádúrtha agus do chuideachtaí téimh ceantair chomh maith. Rinneadh costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach le cánacha nua ar bhrabúis amhantair de chuid táirgeoirí agus soláthraithe fuinnimh, is é sin tobhach sealadach ar fhiontair atá faoi úinéireacht stáit san earnáil fuinnimh. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 1,5 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thairiscint do dhaoine easáitithe as an Úcráin, costas a meastar a bheith ina 0,1 % de OTI in 2022, sin rud eile a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 1,0 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 3,7 % in 2021.

(14) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go saothródh an Bhulgáir[7] in 2022 staid fhioscach a thacaíonn léi, lena n-áirítear ón spreagadh a d'eascair as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle don Bhulgáir an fás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta a choinneáil faoi smacht.

[7] Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na Bulgáire 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 6).

(15) De réir mheastacháin an Choimisiúin, staid fhioscach[8] thacúil a bhí ann in 2022, le -1,2 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Bhulgáir de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí atá le maoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais. 0,8 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (0,9 % de OTI a bhí ann in 2021). Trí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, soláthraíodh rannchuidiú forleathnaitheach dar luach 0,5 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[9]. Dá bhrí sin, chaomhnaigh an Bhulgáir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle. An tráth céanna, sholáthair an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) rannchuidiú forleathnaitheach de 0,8 pointe céatadáin don staid fhioscach. Sa rannchuidiú forleathnaitheach sin, bhí tionchar breise na mbeart beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus tionchar sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (glanchostas fioscach díreach breise de 0,9 % de OTI) a mhaolú, mar aon leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0,1 % de OTI). Dá bhrí sin, bhí smacht leordhóthanach ag an mBulgáir ar an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

[8] Is é an rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fioscacha.

[9] Tuartar go soláthróidh caiteachas caipitil eile atá maoinithe go náisiúnta ranníocaíocht neodrach pointe céatadáin nialas de OTI.

(16) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha sa Chlár um Chóineasú 2023, is cás é atá níos fabhraí ná réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún le haghaidh 2023 agus ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 1,8 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 3,3 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún fíorfhás OTI níos ísle de 1,5 % in 2023 agus 2,4 % in 2024, go príomha mar gheall ar thoimhde níos diúltaí maidir le forbairt na bhfardal i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún agus in ainneoin réamh-mheastachán níos fabhraí a bheith aige maidir le honnmhairí agus allmhairí in 2023. Maidir leis an mbliain 2024, is mar gheall ar dhifríochtaí móra diúltacha sna ranníocaíochtaí tomhaltais phríobháidigh, infheistíochta agus onnmhairí is mó atá an fás níos ísle ar an OTI i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún.

(17) Ina Chlár um Chóineasú 2023, tá coinne ag an rialtas go n-ardóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta go 6,1 % de OTI in 2023. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, léiríonn an méadú ar easnamh in 2023 den chuid is mó bearta a glacadh chun pinsin agus pá a mhéadú, tionchar innéacsú pinsean go boilsciú agus meánphá, caiteachas níos airde ar an mbeartas sóisialta, sláinte agus oideachais agus caiteachas náisiúnta níos airde ar infheistíocht phoiblí. Níl aon bheart eile maidir le hathrú nó comhdhlúthú beartais san áireamh sa Chlár, ós rud é nár glacadh buiséad 2023 lena bhféadfaí bearta beartais fhioscaigh den sórt sin a áireamh faoin tráth a cuireadh an Clár um Chóineasú isteach. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 22,9 % ag deireadh 2022 go 26,6 % ag deireadh 2023. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais dar luach 4,8 % de OTI ann i dtaca le 2023. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha sa Chlár um Chóineasú 2023, go príomha mar gheall ar infheistíocht phoiblí a bhfuiltear ag súil léi a bheith níos ísle agus ioncam níos airde ó chánacha agus ón Aontas araon. An cóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, beidh sé níos ísle – tuartar gur 25 % a bheidh ann ag deireadh 2023. Tá an difríocht ann mar gheall ar easnamh réamh-mheasta níos ísle agus toimhdí éagsúla a bhaineann le cur chun feidhme na Saoráide agus na híocaíochtaí uaithi.

(18) Na bearta fioscacha a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh ama leo ó 2022, go háirithe na fóirdheontais do thomhaltóirí neamhtheaghlaigh. Déantar costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach le cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthraithe fuinnimh, is é sin ranníocaíocht dhaingean faoi Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle[10]. Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar gur 0,8 % de OTI a bheidh i gceist le glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta in 2023[11]. De réir dealraimh, níl na bearta in 2023 dírithe ar na teaghlaigh ná ar na gnólachtaí is leochailí, ná ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais go hiomlán chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Ar deireadh, deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 1,0 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

(19) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022[12], mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Bhulgáir gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais[13] in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. An tráth céanna, ba cheart don Bhulgáir a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Bhulgáir freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

---

10 Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh (IO L 261I, 7.10.2022, lch. 1).

11 Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le — i gcás inarb ábhartha — bearta caiteachais chaipitil.

12 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 na Bulgáire um Athchóiriú agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na Bulgáire 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 11).

13 Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 12,9 %, i dtéarmaí ainmniúla, atá i gceist le fás aschuir féideartha meántéarmach na Bulgáire (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

(20) In 2023, tá sé tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an staid fhioscach fhorleathnaitheach (-3,1 % de OTI) i gcomhthéacs ráta ard boilscithe. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach fhorleathnaitheach a bheith ann in 2022 (-1,2 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé rannchuidiú forleathnaitheach dar luach 1,9 % de OTI leis an staid fhioscach. Níl rannchuidiú forleathnaitheach caiteachais reatha príomha a mhaoinítear go náisiúnta mar thoradh ar thacaíocht spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, níl sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar go ndéanfaidh an Bhulgáir infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais agus infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú. Meastar gur 1,9 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach 0,1 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[14].

(21) De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais de réir a chéile go 4,7 % de OTI in 2024. Léiríonn an laghdú in 2024 den chuid is mó ioncam níos airde ón Aontas agus céimniú amach na mbeart tacaíochta fuinnimh. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh méadú go 30,7 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 4,8 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir tríd is tríd leis an easnamh atá tuartha i gClár um Chóineasú 2023. An cóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, beidh sé níos ísle – tuartar gur 28,1 % a bheidh ann ag deireadh 2024.

---

14 Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile atá maoinithe go náisiúnta ranníocaíocht chraptha 0.1 pointe céatadáin de OTI.

(22) Beartaítear leis an gClár um Chóineasú 2023 go gcuirfear deireadh de réir a chéile le formhór na mbeart tacaíochta fuinnimh faoi 2024. Faoi láthair, glacann an Coimisiún le glanchostas na mbeart tacaíochta fuinnimh 0,1 % de OTI in 2024, i gcomparáid le 0,8 % de OTI in 2023. Tá na meastacháin sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéaduithe an athuair ar phraghsanna fuinnimh. Na bearta tacaíochta fuinnimh atá beartaithe faoi láthair le fanacht i bhfeidhm in 2024, ní cosúil go bhfuil siad dírithe ar theaghlaigh nó ar ghnólachtaí leochaileacha. Ní chaomhnaíonn siad go hiomlán an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

(23) Le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, éilítear go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, agus 0,5 % de OTI mar thagarmharc aige[15]. Agus aird á tabhairt ar bhreithnithe inbhuanaitheachta fioscaí agus ar an ngá atá leis an easnamh a laghdú faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, bheadh sé iomchuí feabhas de 0,5 % de OTI ar a laghad a chur ar an gcomhardú struchtúrach, de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[16] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 4,6 %, mar a léirítear sa Mholadh seo. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a mheasann an Coimisiún faoi láthair ag 0,8 % de OTI in 2023 iad) má cheadaíonn forbairtí sa mhargadh fuinnimh é sin agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh, agus ba cheart an coigilteas gaolmhar a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. De réir mheastacháin an Choimisiúin, thiocfadh fás ar ghlanchaiteachas príomhúil faoi bhun an uasráta fáis atá molta do 2024 mar thoradh air sin. Ina theannta sin, de réir réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, níl an fás ar ghlanchaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Dá ndeimhneofaí sin, bheadh fás níos ísle i nglanchaiteachas príomhúil in 2024 iomchuí.

---

15 Ceanglaítear freisin le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 coigeartú is mó ná 0,5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

16 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(24) Má ghlactar leis nach bhfuil aon athrú ar bheartais, le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún réamh-mheastar maidir leis an nglanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta go dtiocfadh fás 5,4 % air in 2024, ráta atá os cionn an ráta fáis a mholtar. Tá an coigeartú a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún níos lú ná an coigilteas a thiocfaidh as deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh, arb é is cúis leis go príomha tionchar bliantúlaithe na méaduithe pinsin agus méaduithe pleanáilte ar phá áirithe san earnáil phoiblí lena bhfritháirítear an tionchar dearfach a bheadh ann agus deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh.

(25) De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go méadóidh infheistíocht phoiblí ó 4 % de OTI in 2023 go 4,6 % de OTI in 2024. An infheistíocht níos airde, is léiriú í ar leibhéal níos airde infheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus infheistíochta a mhaoiníonn an tAontas, eadhon tríd an tSaoráid.

(26) Leagtar amach sa Chlár um Chóineasú 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go méadóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta go 4,9 % de OTI in 2025 agus go 5 % faoi 2026. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe go bhfillfidh an t-easnamh ginearálta rialtais faoi bhun 3 % de OTI thar thréimhse an Chláir. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, síltear go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ionas gur 30,7 % a bheidh ann ag deireadh 2024 agus gur 37,1 % a bheidh ann faoi dheireadh 2026.

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire faoi lán seoil, ach tá baol méadaitheach ann go mbeidh moilleanna ann. Thíolaic an Bhulgáir aon iarraidh ar íocaíocht, a chomhfhreagraíonn do 22 gharsprioc agus sprioc sa phlean agus a raibh eisíocaíocht fhoriomlán EUR 1.37 billiún mar thoradh uirthi. Mar thoradh ar ardleibhéal éagobhsaíochta rialtais, tá moill ar phríomh-athchóirithe reachtacha, amhail na cinn maidir le soláthar poiblí, frith-éilliú, agus cuntasacht an ionchúisitheora ghinearálta. Mar thoradh ar easpa cobhsaíochta polaitiúla agus acmhainneachta riaracháin, cuireadh moill ar an obair cur chun feidhme maidir le roinnt infheistíochtaí tábhachtacha fuinnimh agus iompair agus ceistiú phríomhghnéithe an phlean, is é sin dícharbónú na hearnála fuinnimh. Cuireadh moill ar an dara hiarraidh ar íocaíocht agus tá sé beartaithe anois do mhí Mheán Fómhair 2023. Mar sin féin, tá baol suntasach ann nach gcomhlíonfar roinnt garspriocanna agus spriocanna a bhaineann le príomh-athchóirithe tráth an tíolactha. Tá obair ar aguisín an phlean agus caibidil REPowerEU fós ar siúl. Tá an amlíne chun an obair sin a thabhairt chun críche fós doiléir mar gheall ar an staid pholaitiúil. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa i bplean athléimneachta agus téarnaimh, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Bulgáire i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(28) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid uile chlársceidealaithe bheartas comhtháthaithe na Bulgáire in 2022 cé is moite de thosaíocht an Chiste um Aistriú Cóir agus Pleananna Críochacha um Aistriú Cóir, atá ríthábhachtach chun tionchar aistriú na réigiún guail a mhaolú. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a ghlacadh agus iad a chur chun feidhme go pras sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar na haistrithe glasa agus digiteacha a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa Bhulgáir.

(29) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an mBulgáir a bhaineann le dícharbónú an gheilleagair agus an táirgthe fuinnimh.

(30) Is sa Bhulgáir atá an geilleagar is déine ó thaobh carbóin de san Aontas fós, agus déine na ngás ceaptha teasa níos mó ná ceithre huaire níos airde ná meán an Aontais. Ba é 63 % sciar 2021 de bhreoslaí iontaise i meascán fuinnimh na Bulgáire, agus sciar 26 % gual, 22 % den fhuinneamh núicléach agus fuinneamh in-athnuaite 15 % (níos ísle ná meán fuinnimh in-athnuaite an Aontais de 18 %). Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire athchóiriú ar an gcreat straitéiseach chun an geilleagar a dhícharbónú, go háirithe in earnáil an fhuinnimh. Áirítear leis sin cásanna agus moltaí ón gCoimisiún um Aistriú Fuinnimh a ullmhú agus treochlár i dtreo neodracht aeráide a ghlacadh ina dhiaidh sin ag an Tionól Náisiúnta, le dáta deiridh chun deireadh a chur de réir a chéile le gual/liginít, faoi 2038 ar a dhéanaí. Cé gur bunaíodh an Coimisiún um Aistriú Fuinnimh in 2022, cuireadh moill ar a thuarascáil mholta. Thairis sin, ghlac an Tionól Náisiúnta rún i mí Eanáir 2023 lena gcuirtear d'oibleagáid ar an rialtas gealltanais dícharbónaithe na Bulgáire a chaibidliú an athuair, lena n-áirítear infheistíocht i stóráil leictreachais, faoina phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(31) Tá ardleibhéal cinnteachta soláthair gáis léirithe ag an mBulgáir i bhfianaise imthosca dúshlánacha, go háirithe a soláthairtí gáis ón Rúis a ghearradh go gairid tar éis ionradh na hÚcráine. Bhí an Bhulgáir in ann conarthaí gearrthéarmacha a fháil le haghaidh seachadtaí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) tríd an nGréig. Cuireadh tús le hoibríochtaí an idirnascaire gáis idir an Ghréig agus an Bhulgáir (IGB) i mí Dheireadh Fómhair 2022. Chuir sé sin ar chumas na Bulgáire méideanna iomlána na soláthairtí conraithe a fháil ón Asarbaiseáin (1 bcm in aghaidh na bliana, lena gcumhdaítear thart ar 30 % den tomhaltas intíre). B'ionann an sciar gáis sa mheascán fuinnimh níos lú ná 14 %, sciar a bhí faoi bhun mheán an Aontais de 23 %. Tá an tionscal fós ar an tomhaltóir gáis is mó, le sciar 42 %, lena n-áirítear úsáidí neamhfhuinnimh. Braitheann córais téimh ceantair i mbailte móra Shóifia agus Plovdiv ar ghás nádúrtha, arb ionann iad agus thart ar aon trian de thomhaltas iomlán gáis nádúrtha na Bulgáire. Tháinig laghdú 22 % ar thomhaltas gáis nádúrtha sa Bhulgáir sa tréimhse idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, rud atá thar an sprioc laghdaithe 15 % a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[17]. Moltar don Bhulgáir leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[18].

[17] Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

[18] Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(32) Maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh, níl an Bhulgáir tar éis fáil réidh fós leis na bacainní ar shaoráidí fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil agus a nascadh leis an eangach atá mar chuid de ghealltanas faoina plean téarnaimh agus athléimneachta. I mí Eanáir 2023, tharchuir an Coimisiún an Bhulgáir chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 260(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, toisc nár trasuíodh Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] sa dlí náisiúnta. Dá ndíreofaí níos mó ar stóráil fuinnimh, chuideofaí le dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh ar scála na heangaí sa Bhulgáir. Ina theannta sin, d'fhéadfaí comhtháthú suiteálacha breise fuinnimh in-athnuaite a éascú trí fheabhas a chur ar bhainistiú eangaí chun é a dhéanamh níos solúbtha. San am céanna, ba cheart don Bhulgáir leanúint de bheith ag forbairt idirnascairí fuinnimh a mbeidh acmhainneacht leordhóthanach acu le tíortha comharsanachta. Ní mór an infheistíocht i mbonneagar na mbreoslaí iontaise a theorannú don fhíorghá agus ní mór í a dhearadh le bheith slán i bhfad na haimsire, chun gaibhniú i dteicneolaíochtaí nach bhfuil comhsheasmhach leis na cuspóirí aeráide a sheachaint nó chun costas an aistrithe fuinnimh a mhéadú.

(33) Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire os cionn EUR 1 bhilliún d'infheistíochtaí atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha araon, agus iarrtar ann tionscadail ar an láthair a chur i ngníomh. Tá bunú an chiste dícharbónaithe náisiúnta, a bhfuiltear ag súil leis in 2023, ríthábhachtach chun straitéis fhadtéarmach na Bulgáire a bhaint amach chun a stoc foirgneamh a athchóiriú, mar aon le tuilleadh infheistíochta príobháidí a mhealladh trína cur chuige maidir le cláir athchóirithe a oiriúnú. Tá gá le hiarracht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh go struchtúrach, go háirithe trí scéimeanna tiomnaithe agus trí chúnamh teicniúil agus riaracháin chun riachtanais grúpaí leochaileacha a léiriú. Chun go mbeidh an Bhulgáir i gcomhréir leis na cuspóirí 'Oiriúnach do 55', beidh gá le huaillmhian níos mó chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun spriocanna in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú.

[19] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

(34) Idir 2005 agus 2021, tá méadú 19,5 % tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar intíre seachas eitlíocht sa Bhulgáir, agus laghdú 7,5 % tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas ar an meán. Cuireann an earnáil sin thart ar an gceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na tíre ar fáil. Tá glacadh gluaisteán paisinéirí astaíochtaí nialasacha íseal, chomh maith le dlús na bpointí luchtaithe leictreacha poiblí sa Bhulgáir. Bhí moill ar chuid na Bulgáire den Ghréasán Tras-Eorpach Iompair a fhorbairt, go háirithe maidir le bonneagar iarnróid: cuireann sé sin bac ar ilmhódúlacht agus ar an acmhainneacht chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht san iompar a fheabhsú. Tá truailliú aeir ina bhaol suntasach don tsláinte do dhaonra na Bulgáire.

(35) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiún is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. In 2022, tuairiscíodh ganntanas lucht saothair sa Bhulgáir le haghaidh roinnt gairmeacha a raibh scileanna sonracha nó eolas sonrach ag teastáil dóibh le haghaidh an aistrithe ghlais[20]. Leithdháil Ciste Sóisialta na hEorpa Plus EUR 152 mhilliún ar bhearta chun scileanna glasa agus poist ghlasa a chur chun cinn do 2021–2027. Leis an gCiste um Aistriú Cóir, tugtar deis freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghné shóisialta an aistrithe ghlais do na trí réigiún incháilithe sa tír.

(36) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, scrúdaigh an Chomhairle an Clár um Chóineasú 2023 agus léirítear a tuairim[21] i moltaí (1), (2) agus (3).

---

**20** Tuarascáil 2022 maidir le ganntanas lucht saothair — an tÚdarás Eorpach Saothair.
**21** Faoi Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

Ag MOLADH LEIS SEO go nglacfaidh an Bhulgáir gníomhaíocht in 2023 agus in 2024 chun:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 4,6 %[22] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, go leanfar de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d’fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

2. Struchtúr rialachais éifeachtach a áirithiú agus an acmhainneacht riaracháin a neartú chun gur féidir a plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go pras agus go leanúnach. Bailchríoch a chur go pras ar chaibidil REPowerEU d’fhonn tús a chur go tapa lena cur chun feidhme. Dul ar aghaidh le cur chun feidhme tapa chláir an bheartais chomhtháthaithe, sa chaoi gur dlúthchomhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh dlúthshineirge ann idir iad féin agus an plean sin.

---

[22] A mheastar a chomhfhreagraíonn d’fheabhas bliantúil de 0,5 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 23.

3. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh trí úsáid níos tapúla a bhaint as foinsí fuinnimh in-athnuaite, agus acmhainneachtaí stórála chun solúbthacht an chórais fuinnimh a mhéadú á n-áirithiú ag an am céanna. Bonneagar na heangaí leictreachais a neartú agus a bhainistiú a fheabhsú trí na nósanna imeachta nasctha a chuíchóiriú agus eilimintí eangaí cliste a thabhairt isteach. Leanúint de na hiarrachtaí chun an t-idirnasc le tíortha comharsanachta a mhéadú. Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh chun éifeachtúlacht fuinnimh a dhreasú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. Réitigh nua a sheasfaidh an aimsir a chur chun cinn i dtéamh ceantair agus in iompar uirbeach inbhuanaithe, agus dlús a chur le forbairt an bhonneagair iarnróid. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*